Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Aibreán 2024
(OR. en)

8595/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0452(COD)**

CODEC 1021
JAI 586
ENFOPOL 170
CRIMORG 58
IXIM 103
DATAPROTECT 169
CYBER 115
COPEN 171
FREMP 179
TELECOM 145
COMPET 401
MI 388
CONSOM 146
DIGIT 105
PE 86

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 10 go dtí an 11 Aibreán 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla don nós imeachta comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad seo ar an gcéad léamh.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), Juan Fernando LÓPEZ AGUILAR (S&D, ES), thar ceann LIBE, leasú comhréitigh (leasú 13) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, ar ullmhaigh Birgit SIPPEL (S&D, DE) dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 10 Aibreán 2024, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 13) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

Ghlacfaí an gníomh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**
**(10.4.2024)**

## P9_TA(2024)0198

## Maolú sealadach: mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (COM(2023)0777 – C9-0437/2023 – 2023/0452(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0777),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 16(2) agus d’Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0437/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Feabhra 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0021/2024),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (COM(2023)0797)

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

---

[1] Tuairim an 17 Eanáir 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2023)0452**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), i gcomhar le hAirteagal 114(1), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

[1] Tuairim an 17 Eanáir 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] déantar foráil maidir le córas sealadach a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, go dtí go ndéanfar creat dlíthiúil fadtéarmach lena dtugtar aghaidh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac ('an creat dlíthiúil fadtéarmach') a ullmhú agus a ghlacadh. Tá feidhm ag an Rialachán sin go dtí an 3 Lúnasa 2024.

(2) An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, ***a ghlac an Coimisiún an 11 Bealtaine 2022***, is é is aidhm don togra an creat dlíthiúil fadtéarmach sin a sholáthar. Mar sin féin, níor ***cuireadh tús*** leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra sin go fóill agus tá sé ***cinnte nach*** dtabharfar i gcrích í in am chun an creat dlíthiúil fadtéarmach, lena n-áirítear aon leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1232 a d'fhéadfadh a bheith ann, a ghlacadh, a theacht i bhfeidhm agus a chur i bhfeidhm faoin 4 Lúnasa 2024.

---

3 Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L 274, 30.7.2021, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1232/oj).

(3) Tá sé tábhachtach go bhféadfar mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais, lena n-áirítear na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1232, agus gan bhriseadh go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra le haghaidh creat dlíthiúil fadtéarmach i gcrích agus go dtí go nglacfar é, go dtí go dtiocfaidh sé in bhfeidhm, agus go dtí go gcuirfear i bhfeidhm é. ***Cuireann na comhreachtóirí in iúl go bhfuil siad tiomanta do theacht ar chomhaontú maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach a luaithe is féidir, agus d'fhonn aon síntí breise ar Rialachán (AE) 2021/1232 a sheachaint amach anseo.***

(4) ***I bhfianaise na n-imthosca ar leith***, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú chun síneadh a chur lena thréimhse feidhme ar feadh tréimhse ama atá teoranta go dtí an méid a bhfuil géarghá léi chun an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. ***Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara gur síneadh eisceachtúil é an síneadh sin agus nár cheart fasach a bhunú leis le haghaidh síntí breise. Ceapadh Rialachán (AE) 2021/1232 ar dtús mar ionstraim idirthréimhseach shealadach a fheidhmíonn mar nasc idir cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lenar tugadh seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir laistigh de raon feidhme Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ón 21 Nollaig 2020, agus bunú an chreata dhlíthiúil fhadtéarmaigh. Murab ionann agus a bhfuil na comhreachtóirí ag súil leis, is gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/1232, toisc nach ann do chreat dlíthiúil fadtéarmach comhaontaithe.***

---

4 ***Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).***

5 ***Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáid leictreonach (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).***

*(5) De bhun Rialachán (AE) 2021/1232, chun go mbeidh feidhm ag an maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir tuarascáil a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta inniúil agus an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán sin.*

*(6) I bhfianaise na tuarascála ón gCoimisiún ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1232, is gá tuairisciú don Choimisiún ó na Ballstáit agus ó sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir araon a fheabhsú. Tá sé tábhachtach a chur i bhfáth freisin gur cheart don Choimisiún tuairisciú ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1232 ar bhealach tráthúil.*

***(7) Chun tuairisciú ó sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir a éascú, go háirithe chun a áirithiú go bhfuil a dtuarascálacha meaisín-inléite agus so-inrochtana, ba cheart formáid choiteann tuairiscithe a bhunú le haghaidh na dtuarascálacha sin.***

***(8) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hAirteagal 3(1), pointe (g)(vii), de Rialachán (AE) 2021/1232 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].***

(9) I bhfianaise an ghá atá ann deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ar bhealach tráthúil agus i bhfianaise chineál teoranta na leasuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, eadhon síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an chórais shealadaigh agus cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid choiteann tuairiscithe a bhunú, is iomchuí a fhoráil gur cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

***(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus thug an Maoirseoir tuairim an 24 Eanáir 2024.***

***(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú dá réir sin,***

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

**6** ***Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj)***

**7** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 1*

*Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 mar a leanas:*

*(1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*'4. Cuirfear na sonraí a áirítear sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (g)(vii), ar fáil i scríbhinn trí bhíthin foirm chaighdeánach. Faoin 3 Nollaig 2024 ar a dhéanaí, cinnfidh an Coimisiún ábhar agus cur i láthair na foirme sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Agus é sin á dhéanamh aige, féadfaidh an Coimisiún na catagóirí sonraí a liostaítear i mír 1, pointe (g)(vii), a roinnt ina bhfochatagóirí.*

*Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 9a(2).';*

*(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

*'1. Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtíolacadh de bhun Airteagal 3(1), pointe (g)(vii), agus ar bhonn an staidrimh arna sholáthar de bhun Airteagal 8, déanfaidh an Coimisiún, faoin 4 Meán Fómhair 2025, tuarascáil a ullmhú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.';*

(3) ***cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:***

***'Airteagal 9a***
***Nós imeachta coiste***

***1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina Choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

***2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.';***

(4) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara ***mír***:

'Beidh feidhm aige go dtí an 3 ***Aibreán*** 2026***.'***.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*